

An Geall (le Liam Mac Uistín)	
1.	'D'fhéadfainn oideas éigin a thabhairt duit ach ní dhéanfaidh sé mórán maitheasa duit.'
2.	'Is beag an sólás dom an méid sin.'
3.	Stán an dochtúir air ar feadh cúpla soicind.
4.	'Tabharfaidh mé comhairle níos cinnte duit má theastaíonn sin uait ...
5.	Tabhair droim láimhe do chlubanna is do do chairde.
6.	Abair leo go bhfuil tú ag dul thar lear go ceann tamaill.
7.	Faigh post éigin duit féin agus saothraigh do bheatha.
8.	Mair ar an bpá a íoctar leat ... más féidir leat duine a fháil a mheasfaidh gur fiú dó nó di duine mar thusa a fhostú.'
9.	Dhearg Colm agus d'éirigh sé go tobann.
10.	'Níor tháinig mé anseo le bheith maslaithe!'
11.	'Tháinig tú chun mo chomhairle a lorg.
12.	Tá sin déanta agam.
13.	Má ghlacann tú léi is gearr go mbeidh tú i mbarr do shláinte arís.'
14.	'Nílím chun glacadh léi!'
15.	Chuir Colm lámh ina phóca.
16.	'Cad tá le híoc agam leat?'
17.	'Faic,' a dúirt an dochtúir.
18.	'Slán agat.' Shín Colm a lámh amach chuig an dochtúir.
19.	Stán seisean go drochmheasúil air agus chas sé a dhroim le Colm.
20.	'Slán leat.' Thosaigh sé ag scríobh sa leabhar arís.
21.	Las Colm go bun na gcluas agus thit a lámh síos lena thaobh.
22.	'Is cosúil nach mór é do mheas orm.'
23.	D'ardaigh an dochtúir a cheann agus bhreathnaigh sé idir an dá shúil air.
24.	'Ní maith liom mo chuid ama a chur amú ag plé le daoine cosúil leatsa.'
25.	'Cén fáth?' a d'fhiafraigh Colm.
26.	'Tá a lán daoine amuigh ansin atá tinn toisc go bhfuil easpa airgid, ganntanas bia, lóistín lofa, agus rudaí eile ar liosta le lua iad, ag goilliúint orthu.
27.	B'fhéarr liom mo chuid scileanna a úsáid chun faoiseamh éigin a thabhairt do chréatúir bhochta mar iadsan ná bheith ag plé le daoine gan mhaith cosúil leatsa.'

	An Geall (le Liam Mac Uistín)	The Promise (by Liam Mac Uistín)
1.	‘D’fhéadfainn oideas éigin a thabhairt duit ach ní dhéanfaidh sé mórán maitheasa duit.’	‘I could give some prescription to you, but it won’t do you much good.’
	a. An bhféadfá teacht?	Could you come?
	b. D’fhéadfainn.	Yes.
	c. Ní fhéadfainn.	No.
	d. Déan é.	Do it.
	e. Rinne mé é.	I did it.
	f. Déanfaidh mé é.	I will do it.
	g. Ní dhéanfaidh mé é.	I won’t do it.
	h. An ndéanfaidh tú é?	Will you do it?
	i. maith / maitheas / maitheasa / mórán maitheasa	good / goodness / of goodness / much good
2.	‘Is beag an sólás dom an méid sin.’	‘That’s little comfort to me.’
	a. Is mór an trua é.	It’s a great pity.
3.	Stán an dochtúir air ar feadh cúpla soicind.	The doctor stared at him for a couple seconds.
	a. an lá / ar feadh an lae	the day / for the day
	b. an oíche / ar feadh na hoíche	the night / for the night
	c. an tseachtain / ar feadh na seachtaine	the week / for the week
	d. an choicís / ar feadh na coicíse	the fortnight / for the fortnight
	e. an mhí / ar feadh na míosa	the month / for the month
	f. an bhliain / ar feadh na bliana	the year / for the year
	g. tamall / ar feadh tamaill	a while / for a while
4.	‘Tabharfaidh mé comhairle níos cinnte duit má theastaíonn sin uait ...	‘I’ll give you more definite advice if you want it ...
	a. Beidh áthas orm má thagann sé.	I’ll be happy if he comes.
	b. Má théann sé, rachaidh mé leis.	If he goes, I’ll go with him.
	c. Má ólann tú é, tabharfaidh mé euro duit.	If you drink it, I’ll give you a euro.
	d. Má bhíonn tú anseo amárach, cuir glaoch orm.	If you’re here tomorrow, give me a call.
	e. Cad atá uait?	What do you need?
	f. Tá deoch uaim.	I need a drink.
	g. Cad atá ag teastáil uait?	What do you need?
	h. Tá deoch ag teastáil uaim.	I need a drink.
	i. Cad a theastaíonn uait?	What do you need?
	h. Teastaíonn deoch uaim.	I need a drink.
5.	Tabhair droim láimhe do chlubanna is do do chairde.	Turn your back on clubs and your friends.
	a. droim / lámh / droim láimhe	back / hand / back of hand
6.	Abair leo go bhfuil tú ag dul thar lear go ceann tamaill.	Tell them you’re going overseas for a while.
	a. Abair leis go bhfuil tú anseo.	Tell him that you’re here.
	b. Dúirt mé leis go bhfuil mé anseo.	I told him that I’m here.
	c. tamall / go ceann tamaill	a while / for a while
7.	Faigh post éigin duit féin agus saothraigh do bheatha.	Get a job for yourself and earn your living.

	An Geall (le Liam Mac Uistín)	The Promise (by Liam Mac Uistín)
8.	Mair ar an bpá a íoctar leat ... más féidir leat duine a fháil a mheasfaidh gur fiú dó nó di duine mar thusa a fhostú.'	Live on the pay they pay you ... if you can find someone who will think it's worth his or her while to employ someone like you.'
	a. Cé mhéad a íocann sé leat?	How much does he pay you?
	b. Cé mhéad a íoctar leat?	How much do they pay you (in general)?
	c. Cad a ólann siad anseo?	What do they drink here (specific people)?
	d. Cad a óltar anseo?	What do they drink here (in general)?
	e. Is fiú dom é sin a dhéanamh.	It's worth my while doing that.
	f. Ní fiú dom é sin a dhéanamh.	It isn't worth my while doing that.
	g. Measaim gur fiú dom é sin a dhéanamh.	I think it's worth my while doing that.
	h. Measaim nach fiú dom é sin a dhéanamh.	I don't think it's worth my while doing that.
9.	Dhearg Colm agus d'éirigh sé go tobann.	Colm grew red and got up suddenly.
10.	'Níor tháinig mé anseo le bheith maslaithe!'	'I didn't come here to be insulted!'
11.	'Tháinig tú chun mo chomhairle a lorg.	'You came to seek my advice.
12.	Tá sin déanta agam.	I've done that.
13.	Má ghlacann tú léi is gearr go mbeidh tú i mbarr do shláinte arís.'	If you accept it you'll soon be at the top of your health again.'
14.	'Nílím chun glacadh léi!'	'I won't accept it!'
15.	Chuir Colm lámh ina phóca.	Colm put a hand in his pocket.
16.	'Cad tá le híoc agam leat?'	'What do I have to pay you?'
17.	'Faic,' a dúirt an dochtúir.	'Nothing,' said the doctor.
18.	'Slán agat.' Shín Colm a lámh amach chuig an dochtúir.	'Good bye.' Colm stretched out his hand to the doctor.
19.	Stán seisean go drochmheasúil air agus chas sé a dhroim le Colm.	He stared disdainfully at him and turn his back to Colm.
20.	'Slán leat.' Thosaigh sé ag scríobh sa leabhar arís.	'Good bye.' He began writing in the book again.
21.	Las Colm go bun na gcluas agus thit a lámh síos lena thaobh.	Colm burned to the end of his ear and his hand fell down to his side.
22.	'Is cosúil nach mór é do mheas orm.'	'It appears you don't have great respect for me.'
23.	D'ardaigh an dochtúir a cheann agus bhreathnaigh sé idir an dá shúil air.	The doctor raised his head and looked at him between his two eyes.
24.	'Ní maith liom mo chuid ama a chur amú ag plé le daoine cosúil leatsa.'	'I don't like to waste my time dealing with people like you.'
25.	'Cén fáth?' a d'fhiafraigh Colm.	'Why?' asked Colm.
26.	'Tá a lán daoine amuigh ansin atá tinn toisc go bhfuil easpa airgid, ganntanas bia, lóistín lofa, agus rudaí eile ar liosta le lua iad, ag goilliúint orthu.	'There are a lot of people out there that are sick because lack of money, scarcity of food, dilapidated housing, and other things that can be listed are bothering them.
27.	B'fhéarr liom mo chuid scileanna a úsáid chun faoiseamh éigin a thabhairt do chréatúir bhochta mar iadsan ná bheith ag plé le daoine gan mhaith cosúil leatsa.'	I'd rather use my skills to give some relief to poor creatures like them than to be dealing with good-for-nothing people like yourself.'